

## Cill Dealga

### 1.0 Comhthéacs/Nádúr an tSráidbhaile

Tá Cill Dealga lonnaithe thart ar 7 gciliméadar siar ó Bhaile Átha Troim, 5 chiliméadar ó dheas de Bhaile Átha Buí agus 7 gciliméadar soir ó Bhaile Íomhair. Tá an sráidbhaile lonnaithe in áit a dtagann trí bhóthar contae le chéile, bóithre a théann go dtí na lonnaíochtaí thuasluaite agus mionbhóthar contae ar a dtugtar an “Boreen” go háitiúil. Tá carachtar tuaithe ar leith ag an sráidbhaile, agus tá roinnt foirgneamh oidhreachta suntasach ann, an t-iarchlochar agus eaglais an pharóiste an lae inniu ina measc. Go bunúsach, cuireann Cill Dealga seirbhísí áitiúla ar fáil don cheantar thart air, ar ceantar tuaithe é den chuid is mó. Faoi láthair, tá na príomhsheirbhísí sráidbhaile agus bonneagar sóisialta lonnaithe go lárnach in aice leis an áit a dtagann an trí bhóthar contae le chéile.

Áit san Ordlathas lonnaíochta	Sráidbhaile		
Daonra	2011	2016	% Athrú
	663	708	Méadú 6.7% ar dhaonra
Leithdháileadh Teaghlaigh na Croístraitéise	20 aonad		
Aonaid a ghealltar nár tógadh fós	6		
Uimh. an tSoláthair Tithíochta	254		
Áiseanna Oideachais	Bunscoil Naomh Damhnait (Scoil nua atá á tógáil)		
Saoráidí Pobail	Séipéal, Reilig, Halla Paróiste, Láthair CLG, Crèche agus Montessori.		
Limistéar Comhaontais Ailtireachta	Uimh.		
Déanmhais Chosanta	TDC MH035-109 Ionad Pobal (iar-Theach Almanas) TDC MH035-110 Teach Paróiste Chill Dealga TDC MH035-111 Eaglais Chaitliceach Rómhánach Naomh Damhnait TDC MH035-112 Teach Scoite TDC MH035-113 Pumpa Uisce		
Toilleadh Bonneagair	Scéim Soláthair Uisce Bhaile Átha Buí - Soláthar Teoranta ar Fáil. Ionad Cóireála Fuíolluisce Chill Dealga - Toilleadh ar Fáil.		
Measúnú Straitéiseach Baol Tuilte	Sea. Tagann Crios Tuilte A agus/B isteach ar lár na lonnaíochta.		
Láithreáin Natura 2000	Níl. Is é LCS na Bóinne agus na hAbhann Duibhe an suíomh Natura 2000 is gaire, thart ar 2km taobh thoir den sráidbhaile.		
Crios Acmhainneachta Seandálaíochta	Níl. Tá ceann taobh amuigh den sráidbhaile ar an taobh ó thuaidh.		

## 2.0 Fís

Is é an fhís maidir le Cill Dealga a fhorbairt thar shaolré an Phlean Forbartha ná lonnaíocht dhlúth sráidbhaile a chur chun cinn ag a bhfuil croílár sainithe sráidbhaile agus áiseanna nádúrtha agus stairiúla seanbhunaithe an tsráidbhaile, chomh maith lena charachtar sainiúil, a chaomhnú. Ní spreagfar ach fás cónaitheach nádúrtha/orgánach thar shaolré an Phlean Forbartha i gcomhréir le Croístraitéis an Phlean Forbartha.

## 3.0 Deiseanna

Cuireann Cill Dealga seirbhísí áitiúla ar fáil don cheantar tuaithe thart air. Tá an sráidbhaile réasúnta dlúth faoi láthair ach tá roinnt láithreán forbartha féideartha fós ann cóngarach do chroílár an tsráidbhaile. Bheifí ábalta riachtanais forbartha an tsráidbhaile a chomhlíonadh go héasca thar shaolré an Phlean seo leis na láithreáin seo. Cuireann an suíomh scoile nua ar an taobh thuaidh den sráidbhaile deiseanna ar fáil chun bonneagar siúil/rothaíochta a fheabhsú sa sráidbhaile. Anuas air sin, d'fhéadfadh tailte i gcroílár an tsráidbhaile (is é sin iarsuíomh na scoile) a scaoileadh lena n-athfhorbairt.

## 4.0 Straitéis Úsáide Talún

Déantar dianiarracht leis an straitéis seo timpeallacht thógtha atá álainn agus sainiúil a choimeád agus a fheabhsú, ar timpeallacht í sin a chruthaíonn braistint ar leith áite do na daoine a oibríonn agus a chónaíonn sa sráidbhaile, chomh maith leo siúd a thugann cuair air. Is é aidhm na straitéise úsáide talún úsáid níos éifeachtaí a bhaint as talamh laistigh den cheantar faoi fhoirgnimh agus cóngarach do chroílár an tsráidbhaile. Tá sé riachtanach croílár sráidbhaile atá dlúth, bríomhar agus éifeachtach a chur ar fáil má tá Cill Dealga chun freastal ar a riachtanais daonra faoi láthair agus amach anseo ar bhealach inbhuanaithe.

### 4.1 Lonnaíocht agus Tithíocht

Rinneadh forbairt shuntasach chónaitheach i gCill Dealga san am atá thart. Idir 1996 agus 2011, méadaíodh an daonra ó 149 go dtí 663 duine. Níor mhéadaíodh an sráidbhaile chomh suntasach sin idir 2011 agus 2016, nuair a cuireadh 45 duine leis an daonra. Ní dhéanfar éascaíocht ach ar fhás cónaitheach nádúrtha/céim ar chéim le linn thréimhse an Phlean Forbartha seo. I dtaca leis an leithdháileadh teaghlaigh sa Chroístraitéis (is é sin 26 aonad cónaitheach), tá dóthain talún criosaithe le haghaidh forbairt chónaitheach chun freastal ar riachtanais an tsráidbhaile le linn thréimhse an Phlean Forbartha.

### 4.2 Geilleagar agus Fostaíocht

I gcomhréir lena stádas leibhéal 4 in ordlathas miondíola an Chontae, cuireann Cill Dealga réimse teoránata úsáidí miondíola / tráchtála ar fáil. Áirítear leis sin dá theach tábhairne, bialann beir leat agus siopa beag áise. Coinníodh croílímistéar an tsráidbhaile den chuid is mó le haghaidh úsáid chónaitheach. Chun méid áirithe gníomhaíochta tráchtála a chur chun cinn ar an bpríomhshráid, ba cheart monatóireacht a dhéanamh ar leibhéal na húsáide cónaithe i gcomparáid le leibhéal na húsáide tráchtála agus ba cheart scéimeanna 'cónaí os cionn an tsiopa' a chur chun cinn chun úsáid neamh-chónaitheach ar an mbunurlár a chinntiú. Rachadh forbairt bhreise mhiondíola/tráchtála chun tairbhe bhrí agus inmhathanacht an tsráidbhaile.

Déanann an Plean seo cinnte de go n-aithnítear dóthain talún atá lonnaithe go cuí le haghaidh úsáide sa sráidbhaile chun freastal ar riachtanais tráchtála Chill Dealga thar shaolré an Phlean Forbartha.

### 4.3 Bonneagar

Ó thaobh seirbhísí uisce agus fuíolluisce de, freastalaíonn Scéim Soláthair Uisce Bhaile Átha Buí agus Ionad Cóireála Fuíolluisce Chill Dealga, faoi seach, ar an sráidbhaile faoi láthair. Tá acmhainn theoranta ann ó thaobh soláthar uisce de, ach tá acmhainn ar fáil le haghaidh cóireáil fuíolluisce. Déanfar scrúdú ar tograí forbartha amach anseo sa chomhthéacs sin.

### 4.4 Gluaiseacht

Tá croílár an tsráidbhaile lonnaithe in áit a dtagann trí bhóthar le chéile agus rialaíonn sé sin na pátrúin radúla ghluaiseachta sa sráidbhaile. D'fhéadfaí go leor feabhsuithe a dhéanamh ar naisc idir cosáin ar fud an tsráidbhaile, ach go háirithe na naisc cosán / rothaíochta ó shuíomh na scoile nua go dtí croílár an tsráidbhaile. Tá an soláthar seirbhísí iompair phoiblí go dona. Go háirithe, tá sé riachtanach seirbhís tointeála bus níos minice go dtí Baile Átha Troim agus Baile Átha Buí a fhorbairt, rud a chuirfidh feabhas ar an réimse seirbhísí atá ar fáil do mhuintir an tsráidbhaile.

### 4.5 Oidhreacht Chultúrtha agus Nádúrtha

Tá roinnt Déanmhas Cosanta a bhfuil tábhacht stairiúil acu i gCill Dealga ag a bhfuil acmhainn shuntasach chun braistint áite a chruthú. Áirítear leis sin an tIonad Pobail (iar-Theach Almanas), Teach Paróiste Chill Dealga, agus Eaglais Chaitliceach Rómhánach Naomh Damhnait (MH035-111).

Níl aon suíomh Natura laistigh den sráidbhaile ach ritheann craobh-abhainn de chuid na hAbhann Throimléid tríd an sráidbhaile agus sileann sé isteach in Abhainn na Bóinne, thart ar 2 chiliméadar soir ón sraibbhaile, agus is iarrthóir í sin do Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta agus Limistéar faoi Chosaint Speisialta. Tá roinnt clampaí suntasacha crann sa sráidbhaile, ach go háirithe crainn ar thailte an tí pharóiste agus crainn ar thailte Shéipéal Naomh Damhnait, ar fiú iad a chosaint.

### 4.6 Bonneagar Glas

Cé go bhfuil roinnt limistéar spáis oscailte laistigh d'fhorbairtí tithíochta, níl spás oscailte struchtúrach/tírdhreacha ag an sráidbhaile laistigh dá theorann. D'fhéadfaí go mbeadh an deis ann spás oscailte poiblí tírdhreachaithe a thógáil le haghaidh úsáid taitneamhachta mar chuid d'aon athfhorbairt a d'fhéadfadh tarlú ar sheansuíomh na scoile.

### 4.7 Bonneagar Sóisialta

Is é atá i mbonneagar sóisialta an tsráidbhaile ná an Scoil Náisiúnta, tailte an CLG agus an halla pobail. Tá scoil nua á tógáil ar shuíomh ar an taobh ó thuaidh den sráidbhaile chun spás a dhéanamh don scoil atá ann, Scoil Náisiúnta Naomh Damhnait. Bheadh tairbhe ag baint leis an mbonneagar sóisialta sa sráidbhaile a fheabhsú, lena n-áirítear limistéar spás oscailte/clós súgartha saincheaptha a sholáthar in éineacht le naisc coisithe/rothaíochta a fheabhsú. D'fhéadfaí go mbeadh deis ann an suíomh scoile atá ann a athfhorbairt agus d'fhéadfaí gnéithe d'úsáidí pobail/taitneamhachta a bheith san áireamh leis sin. Creideann an Chomhairle go bhfuil dóthain tailte curtha in áirithe do bhonneagar sóisialta/pobail chun freastal ar dhaonraí an lae inniu agus na todhchaí le linn shaolré an Phlean Forbartha.

## 4.8 Deireadh Uirbeach agus Réimse Poiblí

Rachadh sé chun tairbhe chroílár an tsráidbhaile, ar an taobh ó thuaidh de Bhóthar Bhaile Átha Troim, dá mbeadh carachtar níos láidre ag an sráidbhaile agus éadanas níos gníomhaí agus imfhálú mar chuid de sin. Is cosúil le faiche sráidbhaile deas é an spás oscailte os comhair Radharc Mhaigh Ráth, agus d'fhéadfadh sé tacú le feabhas a chur ar chroílár an tsráidbhaile a shainiú. Bheadh sé inmhianaithe timpeallacht níos oiriúnaí do choisithe a chruthú sa sráidbhaile, mar tá bóithre i réim ar an ríocht phoiblí. Ba cheart ailtireacht agus dearadh uirbeach ar ardchaighdeán a léiriú in aon athfhorbairt chroílár an tsráidbhaile agus aon scéim forbartha nua amach anseo.

## 5.0 Beartais agus Cuspóirí Forbartha do Bhailte/Shráidbhailte

Tá na Beartais agus na Cuspóirí a leagtar amach thíos de bhreis ar na cinn siúd a shonraítear sa Ráiteas i Scríbhinn in Imleabhar a hAon den Phlean Forbartha Contae. Chun an t-athrú a sheachaint, ní athluaitear Beartais agus Cuspóirí ach amháin má tá ábharthacht ar leith ag baint leo maidir leis an lonnaíocht. Ba cheart na Beartais agus na Cuspóirí seo a léamh mar sin in éineacht leis na Beartais agus na Cuspóirí agus na Caighdeáin Forbartha in Imleabhar a hAon den Phlean Forbartha Contae.

### Beartas

Is é beartas na Comhairle

### Lonnaíocht agus Tithíocht

BEA CD 1	Chun cur le forbairt Chill Dealga ar bhealach dearfach trí Chroílár Sráidbhaile sainithe agus álainn a dhaingniú agus a neartú, fad a aithnítear agus a chaomhnaítear tábhacht thimpeallacht nádúrtha agus thógtha an tsráidbhaile; agus, ag an am céanna, chun freastal ar riachtanais atá ag gach cuid den phobal áitiúil chun a chinntiú go bhforbraíonn an sráidbhaile ar bhealach inbhuanaithe mar áit tharraingteach le cónaí, oibriú agus am a chaitheamh ann agus le cuairt a thabhairt uirthi.
----------	---------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------

### Cuspóirí

Is é cuspóir de chuid na Comhairle é

### Lonnaíocht agus Tithíocht

CUS CD 1	Cinnta a dhéanamh de go gcuirfeadh an Chroístraitéis sa Phlean Forbartha Contae i bhfeidhm, chomh fada agus is féidir, trína áirithiú nach sárófar an leithdháileadh teaghlach do Chill Dealga mar a leagtar amach i dTábla 2.11 den Chroístraitéis.
CUS CD 2	Tacú le forbairt chónaitheach ar thalamh tearcúsáidte agus/nó tailte folmha, láithreáin 'inlíontacha' agus 'athfhorbraíochta' san áireamh, agus é sin a spreagadh, faoi réir caighdeán ard a bhaint amach maidir le dearadh agus leagan amach.

### Eacnamaíocht agus Fostaíocht

CUS CD 3 Croílímistéar an tsráidbhaile a dhaingniú le haghaidh úsáidí tráchtála.

### Bonneagar

CUS CD 4 Caidreamh a dhéanamh le, oibriú le agus tacú le hUisce Éireann maidir le seirbhísí uisce leordhóthanacha a chur ar fáil chun riachtanais forbartha an tsráidbhaile a chomhlíonadh le linn thréimhse an Phlean.

CUS CD 3 Baol tuilte agus forbairt ina thaobh sin a bhainistiú ar aon dul le Measúnú Straitéiseach Baol Tuilte (Imleabhar 5 Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta, Measúnacht Chúí agus Measúnacht Straitéiseach ar Phriacail Tuile).

### Gluaiseacht

CUS CD 4 Chun feabhas a chur ar naisc cosán ó lár na ceantair chónaitheacha thart ar an sráidbhaile go dtí lár an tsráidbhaile, agus ach go háirithe naisc coisithe / rothaíochta idir an scoil nua agus croílár an tsráidbhaile.

CUS CD 5 Iarracht a dhéanamh éascaíocht a dhéanamh ar thrasrian coisithe laistigh den sráidbhaile agus limistéar tiomnaithe do bhusanna chun tarraingt isteach a sholáthar, i gcomhar leis na páirtithe leasmhara ábhartha.

CUS CD 6 Iarracht a dhéanamh éascaíocht a dhéanamh ar chonair coisithe / rothaíochta a sholáthar siar ó sheansuíomh na scoile chun suíomh nua na scoile a cheangal leis na tailte ar an taobh ó dheas den sráidbhaile.

CUS CD 7 Comhoibriú leis na heagraíochtaí agus údaráis iompair ábhartha chun iarracht a dhéanamh seirbhís tointeála bus níos minice go dtí Baile Átha Troim agus Baile Átha Buí a fhorbairt, rud a chuirfeadh feabhas ar an réimse seirbhísí iompair phoiblí atá ar fáil do mhuintir an tsráidbhaile.

### An Oidhreacht Cultúrtha agus Náisiúnta

CUS CD 8 Caighdeán tarraingteach na hoidhreachta tógtha i gCill Dealga a chosaint.

CUS CD 9 Caomhnú nó athúsáid seanchlaíocha laistigh den Sráidbhaile a chur chun cinn.

CUS CD 10 Clampaí crann agus fála sreach a aithníodh ar an léarscáil criosaithe úsáide talún a choinneáil, iad siúd atá cóngarach don Teach Paróiste agus Séipéal Naomh Damhnait san áireamh.

### Sóisialta

CUS CD 11 Forbairt clóis súgartha don phobal sa sráidbhaile a chur chun cinn.

### Dearadh Uirbeach agus Ríocht Phoiblí

CUS CD 12 Croílár an tsráidbhaile a dhaingniú agus a shainiú níos fearr, agus ceannasacht na mbóithre agus luasanna feithiclí a laghdú.

CUS CD 13 Carachtar an tsráidbhaile agus a shuíomh a chaomhnú trí riachtanas a leagan síos go gcaithfidh aon fhorbairt atá beartaithe laistigh den sráidbhaile agus an ceantar máguaird cur le carachtar an tsráidbhaile, ó thaobh airde, méide agus deartha de, agus nach mbaintear d'éagsúlacht na háite.